Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2023**
**(OR. en, pt)**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2023/0139(NLE)**

**10241/23**
**ADD 1**

**ENV 631**
**MAR 83**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9254/23 - COM(2023) 236 final |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choimisiún arna bhunú leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh, a mhéid a bhaineann le leasuithe ar Chinneadh 2021/01 OSPAR maidir le bunú Limistéar Muirí faoi Chosaint Fheacht an Atlantaigh Thuaidh agus imchuach Mhuir Evlanov agus ar Mholadh OSPAR 2021/01 maidir le Bainistiú Limistéar Muirí faoi Chosaint Fheacht an Atlantaigh Thuaidh agus imchuach Mhuir Evlanov<br>- Glacadh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas ón bPortaingéil**

1. Le Coinbhinsiún OSPAR, cruthaítear creat cobhsaí, fónta cinnteoireachta agus comhair arb é is aidhm dó rialachas macrairéigiúnach aigéan a chur chun cinn san Atlantach Thoir Thuaidh. Is é ár dtuairim nár cheart, leis an gCinneadh ón gComhairle, go ndéanfaí difear do nósanna imeachta agus cleachtais sheanbhunaithe Choinbhinsiún OSPAR agus gur cheart athruithe ar a shocruithe institiúideacha a bheith bunaithe ar fhorais pholaitiúla agus dhlíthiúla aonchiallacha. Creideann an Phortaingéil gur cheart bonn cirt iomlán a thabhairt i leith aon athruithe a dhéanfaí ar na socruithe institiúideacha atá ann cheana.

2. Is díol sásaimh don Phortaingéil an Cinneadh maidir le Limistéar Muirí faoi Chosaint NACES a leagan amach agus an Moladh faoi seach maidir lena chur chun feidhme. Is ionstraim thábhachtach é chun bithéagsúlacht agus éiceachórais na mara a chosaint.

3. Tacaímid le glacadh an Chinnidh ón gComhairle. Mar sin féin, táimid den tuairim i gcónaí nach fasach é an gníomh sin, a mhéid a bhaineann le hionadaíocht i gCoinbhinsiún OSPAR, agus a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta atá leagtha síos maidir le limistéir mhuirí faoi chosaint a chruthú agus a chur chun feidhme faoi chuimsiú an Choinbhinsiúin réamhluaite.

4. Gan dochar do chomhordú seasamh i measc an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, forchoimeádann an Phortaingéil an ceart labhairt thar a ceann féin le linn tuilleadh plé ar NACES MPA, mar pháirtí conarthach aonair in OSPAR, i gcomhréir le hAirteagal 20 de Choinbhinsiún OSPAR.

5. Creideann an Phortaingéil go mbeadh sé úsáideach go ndéanfaí soiléiriú ar nósanna imeachta a bheidh ann amach anseo a bhaineann le cinntí ag Coinbhinsiúin maidir le Farraigí Réigiúnacha.